

RÉALTA

Buaile na mBodach
? an dreoilín streoilín
An Chamchéachta
Réalta na maidne
An Chorr Cham
An Réalt ó Thuaidh
Réalt na Sguaibe

Fear bocht a bhí ann nach raibh aon teach aige ach cúpla maide a bhí i n-éadan aille. Bhí sé fíor bhocht, é fhéin agus a bhean. Nuair a phósadar bhí siad bliain pósta nuair a bhí mac óg ag an mbean. Bhí an-chion acab air go dtáinig Oidhche 'éil Mártan agus ní rabh greim, deoch ná blogam le caitheamh ná le n'ól acab ins an oidhche ná sort beithidheach ná rud ar bith a ndórtadís fuil do Mhártan míorbhúilteach.

"Dia dá réidtheacht", adeir fear a tighe is an bhean, "nach bocht a'cás é gan muid indon fuil a dhórtadh do Mhártan mhíorbhúilteach."

"Níl aon neart a'inn air", adeir an bhean, "nuair nach bhfuil sé tughtha ag Dia dúinn le n'aghaidh".

"Nuair nach bhfuil", adeir an fear, "tá sé chomh maith dhúinn an páiste sin a mharbhú agus an fhuil a dhórtadh do Mhártain mhíorbhúilteach, nuair nach bhfuil a'gainn le h-aghaidh Mártán ach é".

"Tá sé ceart", adeir an bhean.

Níor chuir sí in'aghaidh. Bhí sí fhéin chomh maith do Mhártan leis an bhfear.

Rug sé ar sgian agus ghéaruigh sé í. Thóg sé an páiste as a gcliabhán agus leag sé faoi é.

48

Ghearruigh sé a mhuinéal agus tharriung sé an fhuil lé onóir do Mhártan mhíorbhúileach.

"Caithfidimid anois a bhrúith mar brúightear an chuile short ní ins a' bpota. Nigheadar agus ghlanadar é agus chrocheadar os cionn na teine é agus teine mhaith faoi.

Ghabh athair a pháiste amach agus ní rabh sé a bhfad imithighthe amach nuair a tháinig sean-fhearín, liath, dona, claoite, caithte isteach agus bheannuigh sé.

D'iarr bean a' tighe air teannadh anuas le teine agus theánn.

Ní fhaca sé rud ar bith a gul thart ann.

"Ní fheicim tada a gul thart de bheatha tríd a'teach", adeir a sean-fhear nó go céard tá sa bpota dá bhrúith adh?".

"Tá", adeir sí, "feoil."

"A' bhfuil beatha go leor istigh agad?"

"Tá" adeir sí.

"Téirigh suas chun an arg (cómhra) agus féach a bhfuil mórán ann".

"Tá baramhail agam", go bhfuil beatha san arg", adeir sí.

"Ó éirigh agus breathnuigh ann", adeir sé.

Ach mar sin féin d'éirigh sí agus ghabh sí ag an arg agus bhí sí a cur thar béal go clár le min agus nuair a bhí d'éirigh an sean-fhear agus chuaidh sé amach agus ní faca sí aon afarc air ní ba mhó.

Nuair a tháinig an fear isteach agus d'innis sí dhó faoi'n sean-fhear tháinig isteach agus a d'fíafuigh cén sort feoil a bhí sa bpota dá bhruith agus nár leig an náire dhi innseacht dó gurb é an páiste a bhí ann. D'fhiafruigh sé díom a rabh beatha go leor istigh agus dubhairt mé leis go rabh agus dubhairt sé liom a dhul chuig an arg féachaint uirthi.

"Chuaidh mé ann, ag an arg. Nuair a thóg mé an clár de'n arg bhí sé a cur thar béal le min".

"Má bhí", adeir an fear, "sé Naomh Mártan a tháinig go dtí thú agus tá mé siúrálte gurb é".

Chuaidh an bhean go dtí an áit a mbíodh an leaba agus nuair a chuaidh d'airigh sí an srannadh ins a leaba agus chuaidh sí go dtí í agus séard a bhí ann an páiste agus é a' cuir alluis agus é ina chodladh. D'fhuagair sí ar an bhfear agus dubhairt sí go rabh sin mar sin. Thógadar an páiste ina ngabhail agus chaitheadar ar a dhá ghlúin iad féin ag Dia agus ag Naomh Mártan a guidhe leob faoin míorbhúilt a bhí déanta acab leis an mac. Chuaidh sí go dtí an pota ar an teine agus thóg sí é, agus bhí maol air le caoirfheoil i leaba an pháiste. Beannacht Dé le anam na marbh. Sin é mar a chuala mise é.

Ní rabh falach air le bochtaineacht

A rabh de chon air le h-ocras

Fár-balla buttress

Sgeith an capall crú

Feictear dhó é.

Bhí an t-slighe a gul thar a'bhfaghaltas